**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Meitheamh 2023 — Hangzhou Dingsheng Industrial Group agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-748/21)** [1]

***(Dumpáil – Síneadh ar an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear ar allmhairí scragall alúmanaim áirithe de thionscnamh na Síne chuig allmhairí scragall alúmanaim áirithe a choinsínítear ón Téalainn – Imscrúdú frith-imchéimniúcháin – Imchéimniú in aghaidh imchéimniúchán – Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/1036 – Fianaise leordhóthanach – Earráid fhollasach measúnaithe – An oibleagáid cúiseanna a lua)***

(2023/C 271/37)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Hangzhou Dingsheng Industrial Group Co., Ltd, (Hangzhou, an tSín), Dingheng New Materials Co., Ltd, (Rayong, an Téalainn), Thai Ding Li New Materials Co., Ltd, (Rayong), (ionadaithe: G. Coppo agus G. Pregno, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach, (ionadaí: P. Němečková, Gníomhaire),

**Ábhar**

Lena gcaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go ndéanfaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1474 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2021 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2384 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/271 maidir le hallmhairí scragall alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chuig allmhairí scragall alúmanaim áirithe a choinsínítear ón Téalainn, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Téalainne iad nó ná dearbhaítear a chur ar neamhní (IO 2021 L 325, lch. 6).

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear do Hangzhou Dingsheng Industrial Group Co., Ltd, Dingheng New Materials Co., Ltd agus Thai Ding Li New Materials Co., Ltd, chun a gcostais féin a íoc agus chun na costais a thabhaíonn an Coimisiún Eorpach a íoc.

[1] IO C 84, 21.2.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Meitheamh 2023 – Ioulia and Irene Tseti Pharmaceutical Laboratories v EUIPO – Arbora & Ausonia (InterMed Pharmaceutical Laboratories eva intima)**

**(Cásanna Uamtha T-197/22 agus T-198/22)** [1]

***(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharcanna fíoraithe de chuid an Aontais Eorpaigh InterMed Pharmaceutical Laboratories eva intima – Focalmharcanna níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh agus náisiúnta 'EVAX' – Foras coibhneasta le diúltú – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2023/C 271/38)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ioulia and Irene Tseti Pharmaceutical Laboratories SA (an Aithin, an Ghréig) (ionadaithe: C. Chrysanthis, P.-V. Chardalia agus A. Vasilogamvrou, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: T. Frydendahl, Gníomhaire)